

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE** for teachers

Lá
Ceannaireachta

Earrach 2018

Loga Foghlama



Gluais na dTearmaí

Próifil Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (An Chreat, Ich. 48) I pGSS tabharfar aitheantas don ghnóthachtáil thar achair uile na foghlama de réir mar a oireann Ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonaid tosaíochta foghlama, Achair foghlama eile.

Beidh eilimintí uile an mheasúnaithe mar bhonn tagartha agus tuairiscithe don ghnóthachtáil ar a n-áirítear measúnú foirmitheach, leanúnach, Measúnuithe Rangbhunaithe agus gráid CSS ar a n-áirítear torthaí ó na scrúduithe stát-theistithe agus ó na Tascanna Measúnachta.

Beidh formáid a chinnfear go náisiúnta ag PGSS. Beidh sé curtha le chéile ag an scoil agus faighte ag na scoláirí san Fhómhar i ndiaidh na tríú bliana, nuair a bhíonn torthaí uile an mheasúnaithe ó CSS agus ón scoil ar fáil agus deimhnithe.

Cuspóirí foghlama agus Torthaí foghlama: (Gluais an CNCM)

Cuspóirí foghlama: Is éard is cuspóir foghlama le haghaidh ceachta nó sraith ceachtanna ná ráiteas, a chruthaíonn an múinteoir, ina ndéantar cur síos go soiléir ar cad is mian leis an múinteoir a bheadh ar eolas ag an scoláire, a thuigfeadh sé agus a bheadh sé in ann a dhéanamh mar thoradh ar na gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.

Torthaí foghlama: Is ráitis iad na torthaí foghlama i sonraíochtaí curaclaim a dhéanann cur síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ba chóir do scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh tréimhse foghlama.

Critéir rathúlachta; (Gluais an CNCM) Tá critéir rathúlachta nasctha le cuspóirí foghlama. Forbraíonn an múinteoir agus/nó an scoláire iad agus déantar cur síos ar rath agus cad atá i gceist leis. Cuidíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnais a dhéanamh faoi cháilíocht foghlaim an scoláire.

Measúnú Foirmitheach: (An Chreat, Ich. 31-32) Beidh an tSraith Shóisearach bonntacaithe ag comhtháthú breise ar mheasúnú foirmitheach mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim sa seomra ranga. Baineann measúnú foirmitheach le machnamh múinteoirí agus scoláirí ar an tslí ina bhfuil an fhoghlaim ag dul chun cinn agus a gcinntí faoi na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a dheimhniú. Bíonn an t-aiseolas a chuireann múinteoirí ar fáil dá scoláirí mar chuid ríthabhachtach den mheasúnú foirmitheach. Trí úsáid a bhaint as raon gníomhaíochtaí measúnaithe cuidíonn an múinteoir leis an scoláire an méid atá bainte amach mar aon leis na deiseanna don fhoghlaim agus don fhorbairt bhreise a aithint. Éilíonn a leithéid an t-athrú ó bheith ag díriú den chuid is mó ar bhreithmheasanna suimitheacha go dtí an ghafacht le gníomhaíochtaí leanúnacha ar féidir iad a úsáid chun tacú leis na chéad chéimeanna eile den fhoghlaim. Is leiriú í an bhéim ar mheasúnú foirmitheach sa tSraith Shóisearach ar an gcleachtas éifeachtach atá le feiceáil cheana in a lán seomraí ranga.

Chun eascú a dhéanamh ar an gcineál foghlama atá beartaithe thuas, tiocfaidh ról an mhúinteora agus an dinimic a bhaineann leis an gcaidreamh múinteoir is scoláire chun cinn. Leagfaidh múinteoirí béim bhreise ar an measúnú a chomhtháthú ina dteagasc ionas go mbeidh ar a gcumas monatóireacht níos fearr

a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí san fhoghlaim agus tuiscint a fháil ar an tslí inar féidir leo tacú le scoláirí chun machnamh agus anailís chriticiúil a dhéanamh ar a bhfoghlaim féin.

Measúnú Suimitheach: (CNCM - Gluais) Bíonn an measúnú suimitheach nuair a úsáidtear é chun foghlaim an scoláire a mheas ag deireadh an phrósais teagaisc nó na tréimhse foghlama. Is é is aidhm leis achoimre a thabhairt ar ghnóthachtálacha an scoláire agus fáil amach cibé ar léirigh an scoláire tuiscint maidir leis an bhfoghlaim sin trína cur i gcomparáid le critéir rathúlachta nó gnéithe cáilíochta comhaontaithe agus cé chomh mór is a léirigh sé an tuiscint sin.

Aonad Foghlama: Nascann aonad foghlama torthaí foghlama a leagann amach go soiléir cad ar chóir do scoláirí a bheith ar eolas acu, a thuiscint, agus a bheith ábalta a dhéanamh de thoradh gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc san aonad sin.

Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBna): Is é an cur síos is fearr ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe ná gur ócáidí iad nuair a mheasann an múinteoir na scoláirí ag úsáid tascanna ar leith a bhíonn leagtha amach i sonraíocht an ábhair. Tá cur síos soiléir ar na tascanna, agus ar na critéir mheasúnaithe chun cabhrú le breithiúnas an mhúinteora. Faightear na critéir sna gnéithe cáilíochta a bhíonn nasctha le gach Measúnú Rangbhunaithe. Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás Measúnú Rangbhunaithe déantar tuairim an mhúinteora a thairfead i gcomhair Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus úsáidtear í sa tuairisciú chuig tuismitheoirí agus chuig scoláirí.

Gnéithe Cáilíochta: Cabhraíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas múinteoirí agus scoláirí ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir a úsáidfidh múinteoirí chun na píosaí de shaothar scoláirí a mheas.

Cruinnithe don Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair: (An Chreat, Ich. 41-42). I gcruinnithe don Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, déanfaidh múinteoirí samplaí dá measúnuithe ar obair scoláirí a chomhroinnt agus a phlé agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht na foghlama ag scoláirí

Beidh gach cruinniú don Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair dírithe ar ábhar ar leith agus díreofar ar an Measúnú Rangbhunaithe a bheidh déanta ag an mbliainghrúpa ar leith.

Tasc Measúnaithe (TM): Is tasc scríofa é an Tasc Measúnaithe a dhéanann scoláirí le linn am ranga, nach marcálann an múinteoir ranga, ach a sheoltar ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil. Is é an CNCM a shonraíonn an Tasc Measúnaithe agus baineann sé leis na torthaí foghlama a mbíonn an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe orthu.

Seisiún 1

Cad é, is dóigh leat faoi láthair, í an cuspóir atá ag tuairisciú?

Déan machnamh ar do phointí, ag cur comhthéacs do scoile féin san áireamh.

‘...le forbairt phearsanta agus oideachasúil scoláirí, go dtacófar agus go gcuirfear bonn taca faoin bhfoghlaim agus faoin measúnú leanúnach, agus go mbeidh an tuairisciú inláimhsithe, inrochtana agus éifeachtach don scoil, don mhúinteoir, don scoláire agus don tuismitheoir/chaomhnóir.’

(Creat don tSraith Shóisearach 2015, Ich. 48)

Céard iad na gnéithe den ráiteas seo a chuaigh i gcion ort?

Dearcthaí na bPáirtithe Leasmhara a fhiosrú i dtaca le tuairisciú leanúnach chun feabhas a chur ar theagasc agus ar fhoghlaim.

Dearcadh Ceannairí Scoile

(Assessment in Education: Implications for Leadership, edited by Shelley-Ann Scott, Donald E. Scott, Charles F. Webber, 2016)

Ceannairí a bhíonn éifeachtach i mbun measúnaithe déanfaidh siad monatóireacht ar fheabhsuithe i gcleachtais mheasúnaithe agus ceiliúradh ar fhorás gairmiúil agus ceiliúrfaidh siad chomh maith feabhsúcháin i ngnóthachtáil scoláirí. Bíonn dea-chleachtais cheannaireachta i gceist freisin nuair a thugtar tuairisciú beacht agus fiúntach chuig tuismitheoirí agus chuig an bpobal i gcoitinne. Is é sin le a rá go bhfuil dualgas ar cheannairí a chinntiú gur comhpháirtithe iomlána iad múinteoirí, príomhoidí, scoláirí agus tuismitheoirí sa phróiseas tuairiscithe. Ciallaíonn sé sin go mbeidh tuairiscí ag teacht le hionchais an phobail agus go mbeidh siad soiléir, cruinn, measúil agus tráthúil. Ina dhiaidh sin, caithfear gnóthachtáil acadúil, dul chun cinn agus iompar a léiriú ar bhonn scartha. Is é sin le a rá gur pionós é atá mí-eiticiúil gráid a laghdú chun mí-iompar a léiriú. Lena chois sin, ba chóir do cheannairí oideachais a bheith i bhfách le rannpháirteachas scoláirí le linn torthaí measúnaithe a bheith á dtuairisciú chuig tuismitheoirí, agus le comhdhálacha idir tuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí i suíomhanna a éascaíonn comhrá measúil. Tá sé tábhachtach freisin go ndéanfadh ceannairí monatóireacht ar chumarsáid i bhfoirm nótaí scríofa nó teachtaireachtaí digiteacha idir an scoil agus an baile. Caithfidh siad a seacht ndícheall a dhéanamh imeacht ar shiúl ó na bealaí traidisiúnta chun barr feabhais a cheiliúradh agus ag an am céanna aitheantas a thabhairt do na riachtanais eolais a bhíonn ag baill an phobail. Ba cheart do cheannairí machnamh a dhéanamh ar theicneolaíocht a úsáid a chuireann ar chumas scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí agus riarthóirí teacht ar bhonn leanúnach ar thascanna, gráid agus tinreamh scoláirí.

Chuir múinteoir i scoil shinsearach in iúl gur mar gheall ar an bpríomhoide a bheith diongbháilte go bpléifeadh sí féin agus a cuid comhghleacaithe a gcuid cleachtais mheasúnaithe, thar na hábhair agus ní in aon ábhar amháin, go ndearna sí féin agus na múinteoirí eile anailís chriticiúil ar an gcleachtas a bhí acu náid a thabhairt mar ghrád i leith scoláirí nár chríochnaigh a gcuid obair baile, nó a thug isteach mall í. De thairbhe a gcuid plé, tugadh faoi chur chuige eile i leith tascanna obair baile agus ranga sa dóigh is go mbeadh siad ag teacht go dlúth leis an gcuraclam agus mar is cuí. Chuir an múinteoir in iúl gur cuireadh deireadh leis an neamhghrádú, dá bharr sin, agus gur fíorannamh, ó shin i leith, nach gcríochnaíonn scoláirí a gcuid tascanna.

Chun tús a chur le trédhearcacht agus le soiléireacht sa chóras tuairiscithe s'againn, caithfidh a bheith cruinn maidir le huimhir ar bith a úsáidtear. I gcórais thraidisiúnta, is minic a bhíodhas ag suimiú gach rud le chéile agus ag roinnt ar an iomlán. Sa chás sin, is seanfhianaise measctha le cuid nua a léirítear sna céatadáin – meascán é de láidreacht agus dúshlán. Uaireanta, déanaimid iarracht cuma níos beachte a chur orainn féin agus muid ag grúpáil na n-uimhreacha i gcatagóirí (tascanna, teisteanna, srl) agus á n-ualú sula ndéantar iad a shuimiú agus a roinnt. Mar sin de, agus muid á dhéanamh sin, leagaimid an bhéim ar chineál an taisc seachas aird a dhíriú ar na spriocanna foghlama.

Nuair a iarrann tuismitheoir soiléiriú faoi marc múinteora agus an cur chuige sin thuas in úsáid, is féidir go ndéarfadh an múinteoir, “Bhuel, tugadh an marc sin do do pháiste mar gur thóg mé 25 agus chuir mé 14, 36 agus 21 leis. Thug sin 96 as 120 dom. Roinn mé an 96 ar 120, mhéadaigh mé é sin ar 100 agus, dá réir sin, 80 faoin gcéad an marc a fuair sí. Is do na tascanna a tugadh an marc sin di, a rinne mé a ualú ag 75 faoin gcéad. Thug sé sin 60 as 75 di. Sa scrúdú deiridh a bhí aici, fuair sí 80 faoin gcéad, is é sin 20 as 25. Nuair a chuireann tú an dá mharc le chéile, fuair d'iníon 80 faoin gcéad.”

Nuair a bhímid ag míniú ar an gcaoi sin, seans go mbeimis ag streachailt le soiléireacht agus le trédhearcacht, agus is cinnte nach bhfuil aird againn a thuilleadh ar ár gcuid spriocanna foghlama. Tugtar faoi deara sa mhíniú sin nár phléigh an múinteoir le foghlaim a oiread agus uair amháin. Ní dhearna sé trácht ar na spriocanna foghlama. Níor mhínigh sé uair amháin fiú, conas a léirigh an scoláire a cuid foghlama, an t-aiseolas a tugadh don scoláire, na spriocanna a chur an scoláire roimpi, ná na heispéiris foghlama a raibh an scoláire páirteach iontu. Mhínigh an múinteoir go díreach an chaoi ar ríomh sé an marc.

Príomhthorthaí / Nótaí

Dearcadh na dTuismitheoirí

(Absolum M. (2011), Clarity in the Classroom- Using Formative Assessment for Building Learning- 'Chapter 10 Building Partnerships with Family', lgh.202-303)

Bíonn róil éagsúla ag tuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí sa chomhpháirtíocht, agus, chun na róil sin a léiriú, bíonn rudaí difriúla uathu ón gcomhpháirtíocht sin. De ghnáth, caithfidh tuismitheoirí níos mó eolais a fháil ón múinteoir ná mar a chaitheann an múinteoir a fháil ón tuismiteoir. Má bhíonn comhpháirtíocht éifeachtach ann idir na múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí, agus í dírithe ar an bhfoghlaim, ansin beidh rudaí ar leith ar eolas ag gach dream acu:

Beidh a fhios ag na tuismitheoirí:

- An méid atá an scoil agus an múinteoir ag iarraidh a bhaint amach
- Go bhfuil an múinteoir an-dáiríre faoi oideachas a bpáiste agus an-spreagtha chun cibé ní a dhéanamh is gá lena chur ar chumas a bpáiste a bheith ag foghlaim
- Go n-oibríonn an scoil ar son an pháiste ar bhonn laethúil

Ba mhaith le tuismitheoirí fios a bheith acu:

- Go mbíonn a bpáiste sábháilte, sona agus ag foghlaim ar scoil
- Go mothaíonn a bpáiste go bhfuil meas air, go nglactar leis agus go mbíonn sé ar a shuaimhneas
- Go bhfuil ardionchais ag an múinteoir i dtaca le cumas foghlama a bpáiste
- Go nglacann an múinteoir freagracht as caighdeán an teagaisc, agus as foghlaim agus gnóthachtáil na scoláirí, agus nach ndéanann iarracht locht a chur ar na tuismitheoirí as foghlaim lag a bpáiste.
- Faoin rud atá á theagasc – ón bpictiúr mór go dtí an mionpictiúr; caithfidh an scoil an curaclam náisiúnta a sheachadadh

- Conas a mhúintear é: Caithfidh fios a bheith ag tuismitheoirí cén cur chuige oideolaíoch a bhíonn ag an scoil agus cén fáth a n-úsáideann siad é sin
- Conas is féidir leis/léi tacaíocht a chur ar fáil; caithfidh an múinteoir agus an scoil araon a bheith an-soiléir faoin gcaoi ar mhaith leo go dtacódh na tuismitheoirí leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim agus ba chóir cabhrú le tuismitheoirí ina thaobh sin agus cabhrú leo foghlaim cén chaoi lena dhéanamh.
- Cé chomh toilteanach is atá an scoil chun fadhbanna a phlé agus a réiteach; Ba mhaith le tuismitheoirí fios a bheith acu go bhfuil an múinteoir oscailte agus freagrúil do ní ar bith ar mhaith le tuismitheoirí a rá, ceist ar bith ar mhaith leo a chur.
- Conas a chuireann an scoil eolas ar fáil i dtaca le dul chun cinn agus le gnóthachtáil; an ní is tábhachtaí ar fad, ba mhaith le tuismitheoirí fios a bheith acu conas atá a bpáiste ag fás agus go bhfuil teacht éasca acu ar bhealaí cumarsáide dhá bhealach, dá mba mhian leo labhairt le múinteoir nó le riarthóir ag am ar bith

Príomhthorthaí / Nótaí

Dearcadh na Múinteoirí

(Gareis, C.R, Grant, L.W (2015) 'Teacher-Made Assessments- How to Connect Curriculum, Instruction and Student Learning' lgh. 171-172)

Cén fáth ar cheart do mhúinteoirí a bheith ag dul i gcomhar le scoláirí maidir le measúnuithe? Is í an phríomhchúis atá ann chun tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim scoláirí agus í a fheabhsú. Nuair a roinneann an múinteoir torthaí measúnaithe le scoláirí go toiliúil agus go coinsiasach, is féidir leis an aiseolas sin maidir le foghlaim scoláire a bheith ina straitéis teagasc chun cumhachta chun tacú le foghlaim scoláire. (Dean et al.,2012: Hattie, 2009). Lena chois sin, caithfidh fios a bheith ag scoláirí conas a bhíonn ag éirí leo maidir le measúnuithe suimitheacha ar a gcuid foghlama. Is fíor fós go bhfuil brí éigin ag baint le scóir i dtrialacha, gráid i gcúrsaí, meánghráid i bpointí agus a leithéid.

Cén fáth ar cheart do mhúinteoirí a bheith ag dul i gcomhar le tuismitheoirí maidir le measúnuithe? Arís, faoi mar a thugaimid aiseolas do scoláirí, is í príomhaidhm na cumarsáide le tuismitheoirí maidir le measúnú de ná chun tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim scoláirí agus í a fheabhsú. Is iad na tuismitheoirí na chéad mhúinteoirí a bhíonn ag a gcuid páistí agus is iad na múinteoirí is tábhachtaí iad. Mar sin de, tá sé de chúram ar mhúinteoirí eolas úsáideach a thabhairt do thuismitheoirí maidir le foghlaim scoláirí ar na bealaí is dearfaí agus is féidir. Ciallaíonn sé sin, cuir i gcás i dtaca leis na torthaí measúnaithe, go mb'fhéidir gur gá do mhúinteoirí aistriúchán a dhéanamh ar bhéarlagair trom oideachasúil ár ngairme, a úsáidimid go héasca eadrainn féin mar oideachasóirí, ach nach mbíonn teacht ag an gnáth-thuismitheoir uirthi. Chiallódh sé freisin nár chóir do mhúinteoirí a bheith ag brath chomh mór sin ar an ngnás seanbhunaithe A-B-C-D-F chun an méid a d'fhoghlaim an scoláire a chur in iúl agus ina áit sin, a bheith ag trácht níos sonraí ar inniúlachtaí an scoláire, mar shampla, chun aistí a chumadh agus focail a litriú, chomh maith lena chuid laigí i dtaca le struchtúr abairte agus éagsúlacht abairtí. Is é sin le rá, ní mór do mhúinteoirí meabhrú ar bhealaí, nach bhfuil suimitheach, chun aiseolas ó mheasúnaithe a chur ar fáil agus, ina n-áit, eolas níos faisnéisí a

thabhairt (Guskey and Bailey, 2010). Is eolas é sin ar fhoghlaim scoláire atá níos intuigthe ag tuismitheoirí agus, dá réir sin, is eolas é ar féidir leo úsáid a bhaint as chun tacú le foghlaim a gcuid páistí.

Cén fáth ar cheart do mhúinteoirí a bheith ag dul i gcomhar le hoideachasóirí eile maidir le foghlaim? Is iomaí cúis ann:

- Príomhoidí agus ceannairí teagaisc eile ar suim leo caighdeán a ardú, úsáideann siad torthaí measúnaithe ó mhúinteoirí chun monatóireacht a dhéanamh ar fhoghlaim scoláirí, chun patrúin láidreachtaí agus laigí i measc scoláirí a shainnint, agus chun dearcadh tábhachtach eile ar fhoghlaim scoláirí a chur ar fáil nach féidir le measúnuithe caighdeánacha a thabhairt. Is é sin le rá, tugann ceannairí críonna teagaisc aird nach beag ar thorthaí na measúnuithe rangbhunaithe agus áiríonn siad é mar thaifead bailí agus iontaofa ar fhoghlaim scoláirí agus mar sin de, ar éifeachtacht na gclár oideachas ina scoil.
- Úsáideann múinteoirí na chéad bhliana eile torthaí measúnaithe na bliana roimhe nó an téarma roimhe mar tháscaire tábhachtach tosaigh ar reamhghnóthachtáil scoláire, chomh maith lena gcuid eolais agus scileanna reatha. Is féidir le múinteoirí ansin tús a chur le hoiliúint a phleanáil bunaithe ar shonraí bailí measúnachta.
- Úsáideann comhairleoirí scoile ag gach leibhéal scoile torthaí measúnaithe chun cabhrú le scoláirí agus le teaghlaigh cinntí a dhéanamh maidir le cúrsaí staidéir agus cosáin oideachasúla agus ghairme amach anseo.
- Úsáideann foirne staidéir ar pháistí torthaí ó mheasúnuithe rangbhunaithe chun cabhrú leo cinntí a dhéanamh maidir le hidirghabhálacha nó le seirbhísí a d'fhéadfadh a bheith ina dtacaíocht riachtanach agus thábhachtach do scoláirí ar leith.
- Úsáideann comhordaitheoirí clár, coistí onóracha agus iontrálacha torthaí ó mheasúnuithe rangbhunaithe (is é sin le rá i bhfoirm grád nó meánphointí) mar thosca tábhachtacha chun cinntí a dhéanamh faoi áiteanna a fháil ar chlár oideachais, gradaim agus aitheantais, agus i gcomhair iontrálacha ar chúrsaí iarmheánoideachais.

Príomhthorthaí / Nótaí

Dearcadh na Scoláirí

Reflections on Assessment: Its Purposes, Methods, and Effects on Learning, (Strickland K. & J. 1998 lgh. 170-175)

Is é an cuspóir atá le dul chun cinn a mheas ná chun cabhrú leis an scoláire a fháil amach 'cén chéad áit eile le dul' agus cabhrú leis an múinteoir tacú leis an bhforás sin. Má tá an fhoghlaim chun a bheith leanúnach, ansin má chuidítear le scoláirí a thuiscint conas a dhéantar tráth tuairisce agus conas machnamh a dhéanamh ar dhul chun cinn a gcuid foghlama féin, ní féidir nach gcuideodh sé sin leo breathnú ar a bhfuil fós ag teastáil chun a gcuid spriocanna a bhaint amach. Dar le Jane Cowden (1996), ba ghá i dtólamh an féinmheastóireacht a cheangal leis na spriocanna a shocraigh na scoláirí dóibh féin. Tá dearcaí éagsúla ag scoláirí i leith an tuairiscithe agus nuair a thugtar an deis dóibh machnamh ar a bhfeidhmiú féin is féidir leis an scoláire agus an múinteoir araon go leor a fhoghlaim as an eispéireas. Machnamh scoláire amháin ar an tuairisciú: 'Ón gcéad lá a thosaigh mise ar scoil, rinneadh tuairisciú ar mo chuid oibre trí chóras grádaithe litreacha. Chuir litir in iúl dom cé chomh maith agus a bhí mé ag déanamh, cé acu a bhí ionam, scoláire 'maith' nó 'drochscoláire', agus ón litir sin bhí mé ábalta a shocrú cé acu a ba ghá dom a dhéanamh, iarracht níos déine, fanacht mar a bhí, nó rudaí a ghlacadh níos réidhe. Tá mé tar éis éirí chomh spleách ar an gcóras sin nach bhfuil ann ach an grá atá agam don fhoghlaim a thugann orm a chur i gcumhne dom féin gurb é atá uaim ná a bheith ag foghlaim agus ag cruthú, seachas grád A. Ba chóir tuairisc a dhéanamh ar scoláirí de réir a gcuid éachtaí agus ní de réir gráid amháin' (Kimberly, scoláire, 15 bliana d'aois)

Lena chur chomh soiléir agus a rinne Kimberly, fiafraíonn an múinteoir, Bill: Cad é an mhaith an fuilibiliú go léir faoi thástáil agus faoi thuairisciú a bhíonn ar siúl sa dioscúrsa poiblí? Dá dtiocfadh leis an bpobal brath ar na múinteoirí is cruthaithí leis an measúnú a dhéanamh, ní bheadh gá againn le trialacha a mbíonn cuid mhór i ngeall leo chun 'feabhas' a chur ar an oideachas. D'fhéadfadh na scoláirí, agus na múinteoirí, ag obair i bpáirt le chéile iad féin a choimeád ar an eolas faoin bpróiseas agus feiceáil cá raibh siad. Agus is é 'siad' an focal atá tábhachtach – múinteoirí agus scoláirí ag obair as lámh a chéile chun foghlaim cad é atá le déanamh. Agus uaireanta is é an rud atá le déanamh ná an caidreamh idir an scoláire agus an múinteoir a chothú. Ní féidir é sin a dhéanamh trí chóras grádaithe aon bhealaigh – an múinteoir ag tabhairt agus an scoláire ag glacadh ó gach aon fhoinsé. Nuair a bhítear sa tóir ar theicnící tuairiscithe níos barántúla, coinnítear cuimhne gur féidir le scoláirí éirí níos inniúla ag meas a ndul chun cinn féin. Ach is í an chéim mhór do mhúinteoirí ar dtús ná an luach atá le féinmheasúnú a thuiscint agus ansin a chur ar chumas na scoláirí é a dhéanamh, agus é a dhéanamh go maith, ar bhonn rialta. Níor tugadh an phunann isteach chun go ndéanfadh múinteoirí measúnú ar scoláirí go díreach ach chun go bhfeicfeadh scoláirí a gcuid oibre agus a dul chun cinn féin i gcomhair feabhsaithe. Faoi mar a deir Kimberly linn, níl aon fhiúntas le bheith curtha in aicme; ach is fiú tuairisc a bheith tugtha ort ionas gur féidir leat feabhsú. Má oibrímid lenár gcuid scoláirí agus má chabhraímid leo a fheiceáil gur leosan a gcuid oideachais féin, agus nach linne é, seans go spreagfadh sé sin iad le muinín a chur iontu féin mar smaointeoirí agus mar oibrithe, agus ní mar tháirgí a bhíonn á gcur amach againne.

Príomhthorthaí / Nótaí

Machnamh ar an tionchar is féidir a bheith ag tuairisciú ar pháirtithe leasmhara difriúla

Conas a dhéanfa na hathruithe seo i gcúrsaí tuairiscithe a thabhairt isteach, a bhainistiú agus a stiúradh i do scoil?

Fíorthuisicint a spreagadh ina leith seachas a bheith ag glacadh leo	Bogadh ar aghaidh ó úsáid mheicniúil nuachleachtas	Gan an iomarca a thriail róthapa.

	Smaoinigh	Péireáil	Roinn
Cén chuma a bhíonn ar fhoghlaim scoláirí?			
Cad iad na slite éifeachtacha dar linn chun an fhoghlaim a bhogadh chun cinn sa seomra ranga?			
Cén teanga a úsáidimid chun forbairt oideachasúil scoláirí a chur in iúl?			

Is sampla é seo de shaothar scoláire a tógadh ón rannán Béarla ar www.curriculumonline.ie. Is sampla fíormhaith é seo den phróiseas foghlama a tharla sa seomra ranga thar roinnt seachtainí. Rinne an scoláire dara bliain seo caint áititheach le haghaidh clár raidió a scríobh agus a chur i láthair.

Cumarsáid ó Bhéal Aitheasc Raidió

Torthaí Foghlama

Teanga ó Bhéal 5. Téacs gearr ó bhéal a thabhairt ag úsáid teanga, stíl agus ábhar físe cuí i gcomhair pobail éisteachta ar leith agus cuspóirí roghnaithe

Teanga ó Bhéal 7. Teanga, stíl agus ábhar físe cuí a roghnú i gcomhair pobail éisteachta ar leith agus cuspóirí roghnaithe: ag áitiú, ag tabhairt le fios, ag insint, ag cur síos ar phróiseas

Scríbhneoireacht 4. Scríobh go cumasach i réimse foirmeacha téacs, mar shampla, urlabhra, ag úsáid focalstór cuí, tuin chainte agus stíleanna éagsúla chun cuspóir roghnaithe a bhaint amach i gcomhair pobail éisteachta dhifriúla.

Comhthéacs

Cuspóir Foghlama: Táimid ag foghlaim chun aitheasc áititheach a scríobh don raidió agus taifead fuaime a dhéanamh de.

Cúlra: Eagraíodh clár sa scríbhneoireacht phearsanta i gcomhair scoláirí sa dara bliain a mhair roinnt seachtainí. Le hullmhú don tasc deiridh rinne na scoláirí iniúchadh ar ghnéithe agus ar chuspóir theanga na hargóna agus theanga an áitithe agus d'aithin siad gurb annamh a úsáidtear na seánraí sin ina n-aonair agus go deimhin gur minic a fhitear isteach in aithisc iad le héifeacht mhór. San ullmhúchán sin bhí scoláirí ag plé le samplaí scríofa, fuaime agus físe d'aithisc ar YouTube agus ar Google, á léamh, ag éisteacht leo agus ag féachaint orthu. Chonaic scoláirí na príomhghnéithe a bhaineann le haitheasc a scríobh, go háirithe chun dearcadh ar leith a áitiú, agus a dtionchar. Roghnaigh siad roinnt de na gnéithe nó de na teicnící sin le húsáid ina n-aitheasc féin. I bpéirí an chéaduaire agus ansin i ngrúpaí beaga phléigh siad roinnt de na cora cainte reitriciúla a úsáideann scríbhneoirí, agus thrácht siad ar a n-éifeachtúlacht agus ar a n-oiriúnacht.

Tasc: Caint ghearr raidió a scríobh agus a chur i láthair chun a áitiú ar an lucht éisteachta gur chóir do dhaoine óga filíocht a léamh.

Critéir Ratha

C.R. 1 – Léiríonn tuiscint ar an seánra nó ar an bhfoirm roghnaithe– aitheasc raidió

C.R.2 – Taispeánann eolas ar na teicnící a úsáidtear sa scríbhneoireacht áititheach

C.R.3 – Cuireann tuairimí in iúl go líofa, go háititheach agus le smacht

C.R.4 – Fanann tuisceanach ar an lucht éisteachta agus úsáideann réim chuí

Aitheasc Raidió

Dia duit, Jonathon, agus go raibh maith agat as iarraidh orm labhairt leat ar Midwest faoin gcúis ar do dhaoine óga filíocht a léamh.

Bíonn ródheifir sa chur i láthair in amanna CR 3

Fanann sé tuisceanach ar a lucht éisteachta CR 4.

Conclúid éifeachtach a thugann le fios go bhfuil tuiscint aige ar an seánra CR 1.

Oscailt mhaith a léiríonn tuiscint gur caint ghairid raidió í seo. Deirtear go sonrach cad é cuspóir na cainte – chun áitiú CR 1/2/4.

Guth, tuin chainte agus friotal soiléir CR 3/4.

Tá gné na freagartha pearsanta láidir le tuiscint mhaith ar an lucht éisteachta CR1 /2/4.

Is dóigh liom gur cheart do dhaoine óga filíocht a léamh go cinnte. Sa lá atá inniu ann, ní shamhlódh formhór déagóirí filíocht a léamh ar son spraoi ach is féidir le filíocht a bheith ina cuidiú iontach ar go leor bealaí. Tá dhá dhán ar mhaith liom labhairt fúthu inniu, dánta a bhfuil tábhacht mhór leo, measaim, agus is féidir go bhfuil eolas ag na héisteoirí ar na dánta sin.

Is é ‘Na Lusanna’ (‘The Daffodils’) de chuid William Wordsworth an chéad dán ar mhian liom labhairt air. Tá daoine óga an lae inniu faoi oiread sin brú ag teisteanna, scoil, cairde agus nithe eile. Tá a fhios agam gur mar sin atá mé féin. Is féidir leis an dán seo cabhrú leo bealach éalaithe a aimsiú nuair a bhíonn siad ‘ag spaisteoireacht chomh huaigneach le scamall’ (‘wandering lonely as a cloud’) cionn is gur sa dúlra a fhaightear ‘aoibhneas an uaignis’ (‘the bliss of solitude’). Creidim gur fíor é sin agus tá súil agam go n-aontóidh tú féin agus do chuid éisteoirí liom.

Is é ‘An Gaiste’ (‘The Snare’) de chuid James Stephens an dara dán a roghnaigh mé. Is dóigh liom go dtiocfadh leis an dán seo cabhrú le daoine óga ar dhá bhealach. Cabhraíonn sé leo ciall a bhaint as teachtaireachtaí folaithe agus míniú níos doimhne a lorg sna gnáthrudaí. Úsáideann James Stephens coinín i bhfostú i ngaiste mar mheafar ar an gcaoi ina bhfuil na daoine gan chumhacht faoi chois ag na daoine cumhachtacha. Is bealach é chun tuiscint a bheith agat ar mhórchesteanna an tsaoil. B’fhéidir, Jonathon, dá n-aithneodh go leor daoine an fhadhb seo, go ndéanfaí rud éigin fúithi.

Bhuel, tá mo chuid ama istigh ach tá súil agam gur éirigh liom tábhacht na filíochta a chur ina luí ortsa agus ar na héisteoirí agus go n-aontaíonn sibh liom. Go raibh maith agat as cuireadh a thabhairt dom a bheith ar an seó agus as nasc a chur leis na dánta ar shuíomh idirlín Midwest. Tá súil agam a bheith ar ais lá eile amach anseo.

Alice

AG BREATHNÚ AR AN SCOIL AGAINNE 2016

Léigh na ráitis maidir le cleachtas éifeachtach, aimsigh agus aibhsigh an teanga a bhaineann le cúrsaí foghlama sna ráitis

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
Roghnaíonn agus úsáideann an múinteoir cleachtais pleanála, ullmhúcháin agus measúnaithe a chuireann foghlaim na scoláirí chun cinn	<p>Ainmníonn pleananna na múinteoirí cuspóirí foghlama atá soiléir agus ábhartha agus atá curtha i gcomhthéacs do riachtanais foghlama na scoláirí.</p> <p>Dearann agus ullmhaíonn na múinteoirí roimh ré sraith de thascanna agus gníomhalochtaí foghlama atá oiriúnach do chuspóirí foghlama sainiúla an cheachta nó na sraithe de cheachtanna.</p> <p>Aithníonn agus ullmhaíonn na múinteoirí roimh ré acmhainní atá oiriúnach do chuspóirí foghlama sainiúla an cheachta nó na sraithe de cheachtanna, agus do riachtanais foghlama an ranga.</p> <p>Áiríonn ullmhúcháin na múinteoirí ullmhúcháin don idirdhealú ar cuspóirí foghlama agus gníomhalochtaí foghlama, agus tá sé bunaithe ar úsáid fhiúntach sonraí.</p> <p>Déanann na múinteoirí pleanáil chun measúnú a dhéanamh ar ghnóthachtáil na scoláirí ar chuspóirí foghlama beartaithe an cheachta, nó na sraithe de cheachtanna, ag baint úsáide as measúnú ar an bhfoghlaim agus measúnú chun foghlama freisin.</p> <p>Áiríonn cleachtais mheasúnaithe na múinteoirí ní hamháin measúnú ar eolas, ach measúnú ar scileanna agus meonta freisin.</p> <p>Tugann na múinteoirí aiseolas cuiditheach, forbarthach ó bhéil agus scríofa go rialta do na scoláirí maidir lena gcuid oibre.</p> <p>Roinneann na múinteoirí critéir ratha leis na scoláirí sa chaoi is gur féidir leo measúnú a dhéanamh ar a gcuid foghlama trí fhéinmheasúnú agus piarmheasúnú.</p> <p>Coinníonn múinteoirí taifid mheasúnaithe atá soiléir, úsáideach agus éasca le léirmhíniú agus roinnt.</p>	<p>Ainmníonn pleananna na múinteoirí cuspóirí foghlama atá soiléir agus ábhartha agus atá curtha i gcomhthéacs do riachtanais foghlama na scoláirí. Léiríonn cuspóirí foghlama cur chuige forbarthach agus céimneach chun foghlaim na scoláirí a chur chun cinn.</p> <p>Dearann agus ullmhaíonn na múinteoirí roimh ré sraith de thascanna agus gníomhalochtaí foghlama atá oiriúnach do chuspóirí foghlama sainiúla an cheachta nó na sraithe de cheachtanna. Tá dearadh an cheachta solúbtha chun deiseanna foghlama atá ag teacht chun cinn a cheadú.</p> <p>Aithníonn agus ullmhaíonn na múinteoirí go críochnúil roimh ré acmhainní atá curtha in oiriúint chun meaitseáil a dhéanamh le cuspóirí foghlama sainiúla an cheachta nó na sraithe de cheachtanna, agus do riachtanais foghlama an ranga agus riachtanais foghlama na scoláirí aonair.</p> <p>Áiríonn ullmhúcháin na múinteoirí ullmhúcháin don idirdhealú ar cuspóirí foghlama agus gníomhalochtaí foghlama, lena n-áirítear deiseanna foghlama pearsanaithe, agus tá sé bunaithe ar úsáid fhiúntach sonraí.</p> <p>Déanann na múinteoirí pleanáil chun measúnú a dhéanamh ar na gnéithe ábhartha uile d'fhoghlaim na scoláirí ag baint úsáide as measúnú ar an bhfoghlaim agus measúnú chun foghlama freisin.</p> <p>Áiríonn cleachtais mheasúnaithe na múinteoirí ní hamháin measúnú ar eolas, ach measúnú ar scileanna agus meonta freisin. Cuireann na múinteoirí straitéisí measúnaithe in oiriúint chun freastal ar riachtanais foghlama aonair.</p> <p>Tugann na múinteoirí aiseolas cuiditheach, forbarthach ó bhéil agus scríofa go rialta do na scoláirí. Balneann na múinteoirí úsáid as aiseolas chun oibriú leis na scoláirí ar straitéisí soiléire d'fheabhsúcháin.</p> <p>Roinneann agus comhchruthaíonn na múinteoirí critéir ratha leis na scoláirí sa chaoi is gur féidir leo measúnú a dhéanamh ar a gcuid foghlama trí fhéinmheasúnú agus piarmheasúnú, agus ainmníonn siad réimsí feabhsúcháin agus straitéisí chun feabhsú a bhaint amach.</p> <p>Coinníonn múinteoirí taifid mheasúnaithe atá soiléir, úsáideach agus éasca le léirmhíniú agus comhroinnt, agus curtha in oiriúint do riachtanais foghlama na scoláirí aonair.</p>

Sainigh na gnéithe de na ráitis sin maidir le cleachtas éifeachtach...

1. A oibríonn go maith i do scoil?	2. A d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhair fócais le haghaidh Féinmheastóireacht Scoile?

Machnamh Scoláirí a Spreagadh i dtaca lena bhforbairt phearsanta

1. Léigh na Táscairí Folláine ag machnamh ar na leideanna a théann leo:



GNÍOMHACH

- An rannpháirtí muineach oilte mé i ngníomhaíocht choirp?
- Cé chomh gníomhach is atá mé go fisiciúil?



FREAGRACH

- An ngníomhaím chun mo chuid folláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chothú?
- An roghnaím bia sláintiúil?
- An dtuigim cén áit ar mbíonn mo chuid sábháilteachta i mbaol, agus an ndéanaim na roghanna cearta?



CEANGAILTE

- An mothaím ceangailte le mo scoil, mo chairde, mo phobal agus an domhan mór?
- An dtuigim go dtéann mo chuid gníomhartha agus idirghníomhaíochtaí i bhfeidhm ar m'fholláine féin agus ar fholláine daoine eile i gcomhthéacs áitiúil agus domhanda?



ATHLÉIMNEACH

- An gcreidim go bhfuil na scileanna agam chun déileáil le dúshlán an tsaoil?
- An eol dom cén áit ar féidir liom cabhair a fháil?
- An gcreidim go n-éireoidh go maith liom ach iarracht a chur isteach?



MEAS

- An mothaím go n-éistear liom agus go bhfuil meas orm?
- An bhfuil caidrimh dhearfacha agam le mo chairde, mo phiaraí agus mo mhúinteoirí?
- An léirim cúram agus meas ar dhaoine eile?



FEASACH

- An bhfuilim feasach ar mo chuid smaointe, mothúchán agus iompar, agus an féidir liom ciall a bhaint astu?
- An bhfuilim feasach ar mo luachanna pearsanta agus an ndéanaim machnamh ceart roimh chinneadh a dhéanamh?
- An dtuigim na rudaí a chabhraíonn liom foghlaim agus conas is féidir liom dul i bhfeabhas?

2. Léigh na gnéithe de na príomhscileanna:

<p>A Bheith Cruthaitheach</p> <p>Samhlú</p> <p>Roghanna agus Comhroghanna a fhiosrú</p> <p>Smaointe a chur i bhfeidhm agus beart a dhéanamh</p> <p>Foghlaim go cruthaitheach</p> <p>Cruthaitheacht a spreagadh trí theicneolaíocht dhigiteach a úsáid</p>	<p>Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú</p> <p>A bheith fiosrach</p> <p>Eolas agus sonraí a bhailiú, a thaifeadh agus a luacháil</p> <p>Smaoineamh go cruthaitheach agus go grin</p> <p>Machnamh ar mo chuid foghlama agus í a luacháil</p> <p>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun teacht ar ábhar, é a bhainistiú agus a roinnt</p>	<p>Mé féin a Bhainistiú</p> <p>Eolas a chur orm féin</p> <p>Cinntí meabhraithe a dhéanamh</p> <p>Spriocanna pearsanta a leagan agus a ghnóthú</p> <p>Bheith in ann machnamh ar m'fhoghlaim féin</p> <p>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun mé féin agus mo chuid foghlama a bhainistiú</p>	<p>Cumarsáid</p> <p>Éisteacht agus mo thuairimí a nochtadh</p> <p>Taibhiú agus cur i láthair</p> <p>Plé agus díospóireacht</p> <p>Teanga a úsáid</p> <p>Uimhreacha a úsáid</p> <p>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh</p>
<p>Obair le Daoine Eile</p> <p>Dea-chaidrimh a chothú agus déileáil le coimhlint</p> <p>Comhoibriú</p> <p>Meas ar dhifríochtaí</p> <p>Páirt a ghlacadh chun áit níos fearr a dhéanamh den domhan</p> <p>Foghlaim le daoine eile</p> <p>Obair le daoine eile trí theicneolaíocht dhigiteach</p>	<p>Fanacht Folláin</p> <p>A bheith sláintiúil, fisiceach agus gníomhach</p> <p>A bheith sóisialta</p> <p>A bheith sábháilte</p> <p>A bheith spioradálta</p> <p>A bheith féinmhuiníneach</p> <p>A bheith dearfach faoin bhfoghlaim</p> <p>A bheith freagrach, slán agus eiticíúil ag úsáid teicneolaíocht dhigiteach</p>	<p>A Bheith Liteartha</p> <p>Mo thuiscint ar fhocail agus ar theanga agus an taitneamh a bhainim astu a fhorbairt</p> <p>Léamh ar son aoibhnis agus le tuiscint chriticíúil</p> <p>Scríobh i gcomhair cuspóirí difriúla</p> <p>Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas</p> <p>Mo theanga labhartha a fhorbairt</p> <p>Téacsanna éagsúla a fhiosrú agus a chruthú, lena n-áirítear téacsanna ilmhódacha</p>	<p>A Bheith Uimheartha</p> <p>Smaointe a chur in iúl go matamaiticiúil</p> <p>Meastachán, tuar agus ríomh a dhéanamh</p> <p>Meon dearfach a fhorbairt i leith iniúchta, réasúnaíochta agus réiteach fadhbanna</p> <p>Patrúin, treochtaí agus coibhneasa a fheiceáil</p> <p>Sonraí a bhailiú, a léirmhíniú agus a léiriú</p> <p>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun scileanna agus tuiscint uimhearthachta a fhorbairt</p>

3. Léigh na samplaí thíos, a léiríonn conas a d'fhéadfadh scoláirí na táscairí folláine agus gnéithe na bpríomhscileanna a úsáid chun machnamh a dhéanamh ar a bhforbairt phearsanta féin:

Freagrach agus Faoi Mheas: *Sa Stair, d'oibrigh muid i bpéirí chun tionscadal a dhéanamh faoi dhuine clúiteach san am atá thart. Iarradh ormsa agus ar mo chara oibriú le chéile, ag déanamh taighde agus ag dearadh an togra. Fuair muid seans le cur i láthair a dhéanamh don rang uile agus d'éist gach duine agus chabhraigh siad linn nuair a bhí fadhb againn leis an ríomhaire*

Feasach agus Athléimneach: *Sa Bhéarla, i gcomhair leis an múinteoir, chruthaigh mo rang na critéir a bhaineann le haiste phearsanta a scríobh. Ceann de na critéir sa scríbhneoireacht inste is ea rúin na gcarachtar a nochtadh trína bhfreagairt mhothúcháinach d'eachtraí. An chéad uair eile a scríobhfaidh mise*

aiste inste, sula scríobhfaidh mé í, caithfidh mé níos mó ama ag smaoineamh ar thionchair mhothúchána na n-eachtraí ar na carachtair. Creidim go gcabhróidh sé sin liom feabhas a chur ar mo chuid scríbhneoireachta agus dréacht níos fearr a dhéanamh.

4. Cén áit i do scoil a bhféadfaí machnamh scoláirí a cheangal isteach le teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú leanúnach?

Cé na **próisis** atá agat faoi láthair i do scoil a chinntíonn go mbíonn **tuairisciú leanúnach** inbhainistithe?

Conas a d'fhéadfadh úsáid na bpunann cabhrú leis an tuairisciú leanúnach?

Gan an t-am a bhaint ón Teagasc ná ón bhFoghlaim

Cad iad na buntáistí agus na dúshláin a bhainfeadh le bogadh ar shiúl ó scrúduithe inmheánacha, iad a athchoimriú nó a theorannú, sa chéad agus sa dara bliain den tsraith shóisearach?

Buntáistí

Dúshláin

Caidreamh le Tuismitheoirí

Conas a bhíonn do scoil ag plé le tuismitheoirí faoi láthair i dtaca le **foghlaim scoláirí?**

An ritheann aon rud eile leat maidir le do chaidreamh le tuismitheoirí a bheith inbhainistithe, insroichte agus éifeachtach?

**Plé a dhéanamh le tuismitheoirí faoi athruithe i leith an tuairiscithe
(le tagairt do Leabhrán Tuairiscithe an CNCM, lth. 16.)**

Meabhraigh **conas a dhéanfá athdhréachtú** den teimpléad litreach seo chun oiriúint do chomhthéacs do scoile, leis na hathruithe i gcúrsaí tuairiscithe a chur in iúl do thuismitheoirí.

Na chéad chéimeanna eile a mheas...

Faigh amach – Léigh an Treoirleabhar d'Éascaitheoirí lch. 10-12

Pointí le cur san áireamh...

Scoláirí – Léigh Aguisín 1: Uirlis Iniúchóireachta

Pointí le cur san áireamh...

Tuismitheoirí – Léigh Aguisín 3: Uirlis Iniúchóireachta

Pointí le cur san áireamh...

Foireann: Aguisín 2 agus sraith uirlisí sa leabhrán

Pointí le cur san áireamh...

An réasúnaíocht atá taobh thiar den athrú cleachtais a chur in iúl

Pointí le cur san áireamh...

Príomhshuíomhanna Idirlín a dTagraítear dóibh sa Cheardlann




Staidéar Gnó

Beith an tsonraíocht nua seo do staidéar gnó na sraithe sóisearaí á leanúint ag scoláirí chéad bhliana ó Mhárta Fómhair 2016. Cuimsíonn an tsonraíocht tagasc, foghlaim agus meaisíní i staidéar gnó dom chead, dara agus tríú bliain san iar-bhunscoil.

Díríonn an tsonraíocht ar thuiscint scoláirí ar thimpeallacht an ghnó a fheabhsú agus ar scileanna don saol, obair agus staidéar breise a fhorbairt trí bhithinn thrí snáitheanna idirnáchotha: Airgeadas Pearsanta, Fiontraíocht agus Ár nGilleagar.

I measc na ngnéithe nua den tsonraíocht seo, áirítear tothchái foghlama trasna trí snáitheanna: Airgeadas Pearsanta, Fiontraíocht agus Ár nGilleagar.

Tá beim nua á cur ar fiontraíocht láithigh den snáithe ar fhiontraí, a bhfuil sé d'ádhm aige scileanna agus dearcháil fiontraíochta scoláirí a fhorbairt, a spreagadh chun a bheith rangpháirteach ar bhonn níos gníomhaí le saol an ghnó agus leis an tsochaí trí chéile. Cuirtear níos mó béim ar gheilleagar na hÉireann a thuiscint agus ar an gcaidreamh d'inniciúil idir an cís-áisiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.



www.jct.ie is é seo suíomh idirlín baile na seirbhíse tacaíochta den tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí. Ar an leathanach lamairne do gach réimse ábhair, gheobhaidh tú túsleanna éagsúla le tacaí leanúnacha do mhúinteoirí atá difriúil agus atá sainiúil don ábhar. Sa rannán Ceannaireachta, tiocfaidh tú ar chur i láthair an lae inniu agus ábhar tacaíochta chun cabhrú le bheith ag plé le tuismitheoirí maidir le leasú na Sraithe

Ar shuíomh idirlín an CNCM www.curriculumonline.ie gheobhaidh tú na **sonraíochtaí nua ábhar, Treoirínte Measúnaithe** agus **samplaí anótáilte de shaothar scoláirí**.

Ar shuíomh idirlín an CNCM www.ncca.ie/en/junior-cycle tiocfaidh tú ar na **hUirlisí Úsáide Measúnaithe** don tSraith Shóisearach. San fhoireann uirlisí seo tá réimse de thacaí, comhairle agus treoirínte measúnaithe a chuirfidh ar chumas scoileanna agus múinteoirí déileáil le gach gné den chóras measúnaithe (AFMÁna ina measc) ar shlí eolasach, le muinín agus le tuiscint.

Sonraí Teagmhála

Oifig Riaracháin:
Ionad Oideachais Mhuineacháin.
Bóthar Ard Mhacha,
Muineachán.
www.metc.ie

Oifig an Stiúirthóra:
LMETB,
Sráid an tSéipéil,
Dún Dealgan,
Co Lú.

www.jct.ie
www.juniorcycle.ie
www.jctregistration.ie

www.ncca.ie
www.schoolself-evaluation.ie

Lean muid ar Twitter  @JCforTeachers

Má bhíonn aon cheist agat, déan teagmháil le; info@jct.ie